ELeathanach11

Ceol, Spórt agus Scéalta Eile
Dé Luain 3 Samhain 2008



Aifric- Sraith Nua

Tá sraith nua den chlár teilifíse 'Aifric' ag tosú Dé Máirt 4 Samhain ag a 5 a chlog ar TG4. Is cailín í Aifric atá 17 mbliana d'aois. Cónaíonn sí lena muintir i gConamara. Sa chéad chlár sa tsraith nua tá cóisir ar siúl i dteach Bhairtle nuair atá a thuismitheoirí as baile. Tarlaíonn rud éigin d'Aifric ag an gcóisir agus tógann Claudia grianghraf den rud go léir ar a fón póca. Níl Aifric róshásta léi.

Rialacha Peile Idirnáisiúnta.

Bhí bua iontach ag foireann na hÉireann i gcoinne fhoireann na hAstráile Dé Sathairn seo caite. Sa deireadh, an scór a bhí ann ná Éire 57, An Astráil 53. Bhí an cluiche ar siúl i Melbourne san Astráil . D'aimsigh Benny Coulter dhá chúl agus d'aimsigh Kieran Donaghy agus Enda McGinley cúl an duine. Beidh an chéad chluiche eile idir na foirne ar siúl in Éirinn an bhliain seo chugainn.

Rásaíocht Fhoirmle 1

Bhuaigh Lewis Hamilton Craobh an Domhain i Rásaíocht Fhoirmle 1 ag Grand Prix na Brasaíle Dé Domhnaigh. Níl Hamilton ach 23 bliain d'aois. Is é an duine is óige a bhuaigh an chraobh riamh. Is as Sasana é Hamilton agus tiomáineann sé d'Fhoireann McLaren.

ELeathanach Choláiste Oideachais Froebel

Urraithe ag

Foras na Gaeilge